# Curaclam Teanga na Bunscoile: Dréachtchreat le haghaidh pleanáil fhadtréimhseach **don Ghaeilge, Céim 1 i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge**



Is cuid de shraith doiciméad é an dréachtchreat seo le haghaidh pleanáil fhadtréimseach chun tacú le Curaclam nua Teanga na Bunscoile. Is dréachtaí iad na creataí pleanála seo le deis a thabhairt do mhúinteoirí aiseolas a thabhairt. Bainfear leas as an aiseolas sin agus uirlis phleanála á cruthú, uirlis a thacóidh leis an stíl phleanála is fearr leis an múinteoir. Bailítear aiseolas ar an nasc suirbhé anseo. Ná bíodh leisce ort na teimpléid a chur in oiriúint de réir na pleanála is fearr leat agus de réir chomhthéacs do ranga féin.

Sa dréachtchreat seo le haghaidh pleanáil fhadtréimhseach tá dhá roinn: Foghlaim Thuartha agus Tacú leis an bhFoghlaim. Tugtar tacaíocht don phróiseas pleanála sna treoirlínte seo a leanas. B'fhéidir go roghnófá an fhoghlaim a léiriú tríd an tsraith thíos a leanúint nó do dhóigh féin a chruthú chun sin a thaifeadadh.

**Foghlaim Thuartha:** Chun an fhoghlaim a shainaithint, féadann tú doiciméad Churaclam Teanga na Bunscoile a úsáid agus/nó dul isteach sa churaclam ag www.curriculumonline.ie

**1. Torthaí foghlama:** Ar mhaithe le héascaíocht, tá na torthaí foghlama uile do chéim(eanna)/rang(anna) atá roghnaithe curtha isteach sa roinn seo cheana féin. Ná bíodh leisce ort iad a leasú de réir mar a mheasann tú a bheith oiriúnach do do stíl féin, don chomhthéacs nó do thréimhse an phlean. Is bealach éifeachtach í an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) le teagmháil na bpáistí leis an nGaeilge a mhéadú. Roghnaítear ábhar a bheadh oiriúnach don FCÁT agus tugtar deis do dhaltaí coincheapa, meonta agus scileanna i réimse ar leith den churaclam a fhoghlaim trí Ghaeilge (Curaclam Teanga na Bunscoile, lch. 43)

*Coinnigh súil amach don tsiombail fáiscín páipéir seo taobh le roinnt torthaí foghlama sa Churaclam Teanga. Léiríonn an tsiombail seo go bhfuil na scileanna a chlúdaítear sa toradh foghlama seo inaistrithe chuig toradh foghlama i dteanga eile na scoile.*

**2. Gnéithe:** Ar mhaithe le héascaíocht tá sonraí curtha sa roinn seo cheana. Tá trí ghné de theanga ann agus úsáidtear na giorrúcháin seo lena n aghaidh: Cumarsáid, Tuiscint agus Fiosrú agus Úsáid. Tá na gnéithe céanna seo le fáil sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

**3. Mórchéimeanna Dul chun Cinn:** Tá an roinn seo roghnach. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat a aithint cá bhfuil páistí ina gcuid foghlama agus an áit a mheasann tú a mbeidh na páistí faoi dheireadh an phlean fhadtréimhsigh. Dóibh siúd atá ag teagasc páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama measartha acu, nó deacrachtaí foghlama níos troime ná sin, d'fhéadfadh na cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) cabhrú leo freisin.

Ciorclaigh gach mórchéim dul chun cinn a thugann léargas ginearálta ar an áit a bhfuil páistí nó grúpaí faoi láthair ina gcuid foghlama ag tús na tréimhse a chlúdaítear sa phlean fadtréimhseach seo. Féadann tú a oiread grúpaí agus is maith leat a shainaithint agus a chiorclú. I gcás páistí a bhfuil RSO acu b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat na cosáin RSO a úsáid freisin chun an dul chun cinn atá déanta acu a aithint.

Ar an dara sraith ciorclaigh an áit ba mhaith leat a bheith sroichte ag grúpaí páistí faoi dheireadh na tréimhse a chlúdaítear sa phlean fadtréimhseach.

B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat na mórchéimeanna dul chun cinn a léamh ar líne agus breathnú ar na **samplaí foghlama** a bhaineann leo le tuairim níos fearr a fháil ar an áit a bhfuil na páistí ina gcuid foghlama. I gcás RSO b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat an tÁbhar Tacaíochta do na cosáin RSO a léamh agus breathnú ar na samplaí foghlama a bhaineann leo.

**Tacú leis an bhFoghlaim:** Sa roinn Tacú leis an bhFoghlaim, sainaithin an topaic/téama, an t-ábhar foghlama, na modheolaíochtaí, na cleachtais mheasúnaithe, na hacmhainní, agus na naisc agus an comhtháthú atá sé i gceist agat a úsáid.

**Topaic/ Téama:** B'fhéidir gur mhaith leat tagairt do thopaic nó téama atá sé i gceist agat a úsáid leis na páistí.

**Ábhar Foghlama:** I dtéarmaí ginearálta sainaithin an rud atá tú ag brath a theagasc. Ar mhaithe le soiléire, is féidir an t-ábhar a chur i láthair as féin faoi na trí shnáithe.

**Modheolaíochtaí/Measúnú/Acmhainní/Naisc agus Comhtháthú:** Chun tacú leis na naisc nádúrtha idir na trí shnáithe, is féidir modheolaíochtaí, measúnú, acmhainní, naisc agus comhtháthú a phleanáil sna trí shnáithe uile. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat tagairt a dhéanamh do mhodheolaíochtaí agus modhanna measúnaithe éagsúla. Ba chóir pleanáil a dhéanamh don difreáil agus tagairt di i rith an ama.

**Eile:** Úsáid an roinn seo ar an dóigh is fearr a oireann do do chomhthéacs féin. B'fhéidir gur mhaith leat tagairt do réimsí eile a gcaithfear pleanáil dóibh nó smaoineamh orthu amhail obair bhaile, tacaíocht sa bhaile, tacaíocht ón scoil uile agus seirbhísí seachtracha.

Nuair atá an roinn *Tacú leis an bhFoghlaim* á comhlánú agat, b'fhéidir gur mhaith leat cuairt a thabhairt ar www.curriculumonline.ie chun teacht ar Ábhar Tacaíochta an Churaclaim Teanga.



| **Dréacht-Chreat le haghaidh Pleanáil Fhadtréimhseach: Céim 2** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta: | | Rang (anna): | | Tréimhse: | |

| **Foghlaim Thuartha** | | | |
|---|---|---|---|
| **Torthaí Foghlama:** *athraigh de réir mar a fheileann do do stíl féin, don chomhthéacs agus do thréimhse an phlean* | | | |
| **Gné** | **Teanga ó Bhéal** | **Léitheoireacht** | **Scríbhneoireacht** |
| Cumarsáid | **1.Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird**<br>**Céim 1 agus 2:** Spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht ghníomhach a dhéanamh le Gaeilge shaibhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthanna/canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh sé/sí gach focal. LO1<br><br>**2. agus 3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile**<br>**Céim 1:** A aithint go n-athraíonn an stíl chainte ag brath ar an ngaol idir dhaoine agus ar an lucht éisteachta agus tuiscint a léiriú ar riachtanais an éisteora agus comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a leanúint, páirt a ghlacadh iontu agus freagra a thabhairt ar dhaoine eile i bhfocail nó go neamhbhriathartha le tacaíocht de réir mar is gá LO2<br><br>**Céim 1 agus 2:** Gaeilge a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad LO3 | **1.Rannpháirtíocht**<br>**Céim 1 agus 2:** Páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sult a bhaint as bheith ag éisteacht léi, agus labhairt faoi bhrí agus faoi léirmhíniú focal scríofa agus léaráidí le daoine eile. LO1<br><br>**2. Inspreagadh agus rogha**<br>**Céim 1:** Téacs i réimse seánraí a roghnú, a léamh agus cumarsáid a dhéanamh ina thaobh, ar mhaithe le pléisiúr agus le spéis LO2 | **1.Rannpháirtaíocht**<br>**Céim 1:** Bheith ag déanamh marcanna, ag déanamh líníochtaí agus ag scríobh chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, agus taitneamh a bhaint as sin LO1<br><br>**2. Inspreagadh agus rogha**<br>**Céim 1 agus 2:** Uirlisí cuí, topaic agus ábhar a roghnú don scríbhneoireacht pháirteach nó neamhspleách agus téacsanna a roghnú chun roinnt le daoine eile LO2 |

'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

| Gné | Teanga ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| Tuiscint | **4. Struchtúr abairte agus gramadach**<br>**Céim 1:** Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte agus sainmhíniú cuí a thabhairt is an abairt ag éirí níos cuimsithí de réir a chéile, le tacaíocht de réir mar is gá LO4<br><br>**5. agus 6. Stór focal a shealbhú agus a úsáid**<br>**Céim 1 agus 2:** Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúir, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid LO5<br><br>**Céim 1 agus 2:** Úsáid a bhaint as foclóir agus frásaí ó bhéal a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl. Réimse leathan beannachtaí, nathanna cainte agus frásaí coitianta a úsáid is tuin agus foghraíocht chuí a úsáid agus iad a úsáid sa chomhthéacs cuí. LO5<br><br>**7. Léiriú tuisceana**<br>**Céim 1 agus 2:** Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh. LO7 | **3. Gnásanna cló**<br>**Céim 1:** Gnásanna bunúsacha an chló a aithint agus a úsáid. LO3<br><br>**4. Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach**<br>**Céim 1 agus 2:** Súgradh le fuaimeanna agus iad a aithint, e.g., siollaí, rím, túsfhoghar agus foghar deiridh agus fóinéimí i bhfocail labhartha. LO4<br><br>**5. Fónaic agus aithint focal**<br>**Céim 1:** Gach litir cás íochtair agus cás uachtair ó aibítir na Gaeilge a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú chomh maith le patrúin choitianta litreacha, agus roinnt straitéisí aitheanta focal a úsáid agus iad ag léamh téacsanna teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách LO5<br><br>**6. Foclóir léitheoireachta**<br>**Céim 1:** Labhairt faoi stór focal nua léitheoireachta agus é a úsáid de réir mar a thagann sé aníos trí tharraingt ar chomhthéacs, focail le brí ionannach agus focail leis an bhfuaim chéanna ach le brí dhifriúil chun cabhrú leis an tuiscint LO6 | **3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte**<br>**Céim 1:** Gnásanna bunúsacha an chló chomh maith le struchtúr abairte a úsáid agus iad ag cumadh téacsanna i bpáirt nó go neamhspleách. LO3<br><br>**4. Litriú**<br>**Céim 1:** Litreacha ó aibítir na Gaeilge a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú agus úsáid a bhaint as roinnt litriú ceart, ag tarraingt ar an eolas atá acu faoi phatrúin fuaime agus patrúin litreacha chun buille faoi thuairim a thabhairt maidir le litriú focail (litriú cumtha) agus tosú ar thuiscint a thaispeáint ar athruithe gramadaí agus iad a úsáid i bhfrásaí coiteanna ina gcuid scríbhneoireachta LO4<br><br>**5. Stór focal**<br>**Céim 1:** Úsáid a bhaint as stór focal níos leithne óna dtaithí phearsanta agus óna dtaithí ar bheith ag plé le téacs agus teanga a úsáid ar bhealach spraíúil agus cruthaitheach, le tacaíocht de réir mar is gá. LO5 |

'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

# Curaclam Teanga na Bunscoile: Dréachtchreat le haghaidh pleanáil fhadtréimhseach **don Ghaeilge, Céim 1 i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge**

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

| Gné | Teanga ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| Fiosrú agus úsáid | **8. agus 9. Iarratais agus ceisteanna**<br>**Céim 1 agus 2:** Riachtanais agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh ar bhealach muiníneach LO8<br><br>**Céim 1:** Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú LO9<br><br>**10. Catagóiriú**<br>**Céim 1 agus 2:** Réimse daoine, rudaí, imeachtaí agus eispéireas a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú, le tacaíocht de réir mar is gá LO10<br><br>**11. Athinsint agus mionléiriú**<br>**Céim 1agus 2:** Scéalta agus insintí pearsanta a bhíonn ag dul chun castachta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus iad ag úsáid aimsirí agus stór focal ó bhéal cuí LO11<br><br>**12. Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach**<br>**Céim 1 agus 2:** Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus freagairt dóibh, agus teanga a úsáid ar bhealach spraíúil, cruthaitheach LO12<br><br>**13. Eolas, míniú agus údar a thabhairt**<br>**Céim 1 agus 2:** Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá. LO13<br><br>**14. Cur síos, tuar agus machnamh**<br>**Céim 1 agus 2:** Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu LO14 | **7. Cuspóir, seánra agus guth**<br>**Céim 1:** Taithí a fháil ar ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs agus freagairt dóibh, agus ar réimse seánraí, agus tosaíochtaí agus tuairimí a chur in iúl LO7<br><br>**8. agus 9. Tuiscint**<br>**Céim 1 agus 2:** Sonraí tábhachtacha i dtéacs a thabhairt chun cuimhne, iad a phlé agus a athinsint san ord ceart agus na príomhphointí eolais i dtéacs a aithint LO8<br><br>**Céim 1:** Dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as trí raon straitéisí tuisceana a úsáid le linn obair a dhéanamh go neamhspleách nó i bpáirt. LO9<br><br>**10. Líofacht agus féincheartú:**<br>**Céim 1 agus 2:** Téacsanna teagaisc agus téacsanna ag leibhéal neamhspleách a léamh i réimse seánraí le líofacht agus le tuiscint, agus féincheartú neamhspleách a dhéanamh LO10 | **6. Cuspóir, seánra agus guth**<br>**Céim 1 agus 2:** Pictiúir agus scríbhneoireacht a dhéanamh agus tuiscint acu ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon, le linn dóibh téacsanna a chruthú i réimse seánraí d'fhonn guth ar leith a fhorbairt ina gcuid scríbhneoireachta chun a gcuid tuairimí, eolais agus taithí a chomhroinnt LO6<br><br>**7. An próiseas scríbhneoireachta**<br>**Céim 1 agus 2:** An próiseas scríbhneoireachta a úsáid chun téacs a scríobh i gcomhpháirt le daoine eile agus / nó go neamhspleách LO7<br><br>**8. Freagairt agus intinn an údair**<br>**Céim 1:** Brí a gcuid téacsanna féin a chomhroinnt agus tuiscint a léiriú trí fhreagairt do théacs daoine eile LO8<br><br>**9. Peannaireacht**<br>**Céim 1:** Ceannlitreacha agus litreacha beaga a scríobh mar aonad reatha leo féin |

'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam Teanga na Bunscoile: Dréachtchreat le haghaidh pleanáil fhadtréimhseach don Ghaeilge, Céim 1 i scoileanna Béarla

**Mórchéimeanna Dul chun Cinn** *Tá an chuid seo roghnach. D'fhéadfadh sé cabhrú leat an áit a bhfuil na páistí ina gcuid foghlama a shainaithint, agus an áit a bhfuil tú ag súil go mbeidh na páistí ag deireadh an phlean fhadtréimhsigh a shainaithint freisin. Dóibh siúd atá ag teagasc páistí a bhfuil deacrachtaí measartha acu, nó deacrachtaí níos doimhne ná sin, d'fhéadfadh an tÁbhar Tacaíochta ar na cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) cabhrú leo freisin.*

**1.** Cuir ciorcal timpeall ar na mórchéimeanna dul chun cinn a léiríonn an áit a bhfuil páistí/grúpaí i do sheomra ranga ina gcuid foghlama **faoi láthair**, ag tús na tréimhse atá clúdaithe ag an bplean fadtréimhseach seo. Is féidir leat a oiread grúpaí agus is mian leat a shainaithint agus ciorcal a chur timpeall orthu. I gcás páistí a bhfuil RSO acu, b'fhéidir go gcabhróidh sé leat leas a bhaint as na cosáin RSO freisin chun a gcuid dul chun cinn a aithint.
**2.** Cuir ciorcal timpeall ar an áit a bhfuil sé i gceist agat **go mbeidh páistí ann** faoi dheireadh na tréimhse atá clúdaithe ag an bplean fadtréimhseach seo.
*Tacaíonn an tábla leis an bpleanáil do ghrúpaí foghlama taobh istigh de rang nó do thrí rang ilghrád in aon seomra ranga amháin. Cuir in oiriúint do do chomhthéacs féin é, le do thoil.*

| **Rang(anna)/ grúpaí** | **Mórchéimeanna Dul chun Cinn: Teanga ó Bhéal** Go barúlach, an áit a bhfuil na páistí/grúpaí ina gcuid foghlama agus an áit ba chóir a bheith sroichte acu faoi dheireadh na tréimhse sa phlean seo | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mórchéimeanna ag tús na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| Mórchéimeanna ag deireadh na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| | | | | | | | | | |
| Cosáin RSO | Blaiseadh de | Aird a thabhairt air | Freagairt dó | Tús a chur leis | Sealbhú | Ag éirí líofa | Ginearálú | | |

| **Rang(anna)/ grúpaí** | **Mórchéimeanna Dul chun Cinn: Léitheoireacht** Go barúlach, an áit a bhfuil na páistí/grúpaí ina gcuid foghlama agus an áit ba chóir a bheith sroichte acu faoi dheireadh na tréimhse sa phlean seo | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mórchéimeanna ag tús na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| Mórchéimeanna ag deireadh na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| | | | | | | | | | |
| Cosáin RSO | Blaiseadh de | Aird a thabhairt air | Freagairt dó | Tús a chur leis | Sealbhú | Ag éirí líofa | Ginearálú | | |

| **Rang(anna)/ grúpaí** | **Mórchéimeanna Dul chun Cinn: Scríbhneoireacht** Go barúlach, an áit a bhfuil na páistí/grúpaí ina gcuid foghlama agus an áit ba chóir a bheith sroichte acu faoi dheireadh na tréimhse sa phlean seo | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mórchéimeanna ag tús na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| Mórchéimeanna ag deireadh na tréimhse | a luath | a | b | c | d | e | f | g | h |
| | | | | | | | | | |
| Cosáin RSO | Blaiseadh de | Aird a thabhairt air | Freagairt dó | Tús a chur leis | Sealbhú | Ag éirí líofa | Ginearálú | | |

# Curaclam Teanga na Bunscoile: Dréachtchreat le haghaidh pleanáil fhadtréimhseach
# don Ghaeilge, Céim 1 i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

## Tacú leis an bhFoghlaim

**Eispéiris Foghlama:** *Tabhair breac-chuntas ginearálta ar a mbeidh á mhúineadh agus ar an gcaoi a múinfear é. Déan tagairt don difreáil i ngach cuid den chuntas.*

| Snáithe | Topaic/Téama | A mbeidh á mhúineadh | Modheolaíochtaí | Measúnú | Acmhainní | Naisc agus comhtháthú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teanga ó Bhéal | | | | | | |
| Léitheoireacht | | | | | | |
| Scríbhneoireacht | | | | | | |

| **Eile:** *Is féidir leat, más mian leat, tagairt a dhéanamh do réimsí eile a dteastódh pleanáil lena n-aghaidh ar nós obair bhaile, rannpháirtíocht tuismitheoirí, tacaíocht ón scoil uile, seirbhísí seachtracha.* |
| --- |
| |